II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1356 ÓN gCOMHAIRLE

an 4 Lúnasa 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle an 4 Feabhra 2011 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis [1], agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ón gComhairle, ba cheart iontráil duine amháin mar aon leis an bhfhaisnéis maidir lena chearta chun cosanta agus a cheart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil a scriosadh.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

[1] IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4 Lúnasa 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
M. BEK

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leanas:

(1) i Roinn A. ("Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2"), scriostar an iontráil don duine seo a leanas:

"45. Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF";

(2) i Roinn B. ("Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi dhlí na Túinéise;"), scriostar an iontráil seo a leanas:

"45. Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF

Tá an t-imscrúdú nó an triail a bhaineann le míleithreasú cistí nó sócmhainní poiblí fós ar siúl. Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh na cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil sna himeachtaí breithiúnacha ar ar bhraith an Chomhairle. Is léir sin go háirithe ós rud é gur thug, in 2011 agus in 2013, breitheamh imscrúdaithe éisteacht do Montassar Ben Habib Ben Bouali LTAIEF i láthair a dhlíodóirí.".